2025/441

10.3.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/441 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Márta 2025

lena ndéantar foráil maidir le tacaíocht airgeadais éigeandála le haghaidh na n-earnálacha talmhaíochta atá buailte le teagmhais dhíobhálacha aeráide agus le tubaistí nádúrtha sa Spáinn, sa Chróit, sa Chipir, sa Laitvia agus san Ungáir, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle [1], agus go háirithe Airteagal 221(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le linn dheireadh mhí Dheireadh Fómhair agus thús mhí na Samhna 2024, rinne teagmhais drochaimsire ar scála nach bhfacthas a leithéid riamh difear don Spáinn. Tharla báisteach thar a bheith trom agus tuilte tubaisteacha mar thoradh ar bhabhtaí i ndiaidh a chéile de lagraigh aonair, rud a chuir isteach go mór ar tháirgeadh in earnálacha na dtorthaí agus na nglasraí, an fhíona, na n-ológ agus an bheostoic. Sular tharla na teagmhais drochaimsire eisceachtúla sin i réigiúin áirithe, bhí easnamh báistí ann ó thús an tséasúir, agus bhí dálaí diana teasa ann i mí an Mheithimh, i mí Iúil agus i mí Lúnasa 2024, rud a d'fhág go raibh dálaí triomaigh ann agus a rinne difear mór do tháirgeadh roinnt barr, go háirithe cnónna.

(2) Le linn shamhradh 2024, d'fhulaing an Chróit teagmhais dhíobhálacha aeráide ar scála nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Ag tús na bliana 2024, bhí tréimhsí níos teo sa Chróit, agus teochtaí níos ísle ina dhiaidh sin i gcomparáid le meáin fhadtéarmacha, rud a rinne difear d'ardfhás barr. Ina dhiaidh sin bhí teochtaí an-ard agus tonnta teasa eisceachtúla ann i mí Iúil 2024, rud a rinne difear mór do tháirgeadh torthaí agus glasraí agus fíonchaor áirithe, agus do tháirgeadh barr curaíochta áirithe, go háirithe arbhar Indiach, lus na gréine, soighe agus biatas siúcra.

(3) Le linn mhí na Nollag 2023, mhí Eanáir 2024 agus mhí Feabhra 2024, rinne easnamh suntasach báistí in éineacht le teochtaí a bhí níos airde ná riamh difear don Chipir, rud a d'fhág go raibh dálaí tirime ann. Lean fhrasaíocht íseal, dálaí tirime agus easnamh uisce le linn earrach agus shamhradh 2024 agus rinne siad difear d'earnálacha na ngránach agus na n-ológ, agus do tháirgeadh torthaí agus glasraí áirithe, go háirithe táirgeadh almóinní agus fíonchaor.

(4) Le linn mhí Iúil agus ag tús mhí Lúnasa 2024, rinne teagmhais dhíobhálacha aeráide ar scála nach bhfacthas a leithéid roimhe seo difear do chodanna den Laitvia, mar atá báisteach thar a bheith dian. Roimh na himeachtaí sin, bhí teochtaí fuara, sioc agus tréimhsí fuara nach bhfacthas riamh roimhe sin i mí na Nollag 2023 agus i mí Eanáir 2024, agus teochtaí neamhghnácha te ina dhiaidh sin ó mhí an Mhárta 2024 agus ina dhiaidh sin teagmhais seaca ag tús mhí na Bealtaine 2024. Bhí tionchar ag na luaineachtaí móra teochta sin ar tháirgeadh barr, go háirithe gránaigh agus síol ráibe, agus torthaí agus glasraí, lena n-áirítear prátaí.

(5) Le linn shamhradh 2024, rinne dálaí díobhálacha aeráide ar scála nach bhfacthas a leithéid roimhe seo difear don Ungáir. Bhí tionchar mór ag teochtaí teo neamhghnácha mar aon le heasnamh seasmhach báistí agus dálaí triomaigh ar bharra arbhair Indiaigh agus, ar bhonn níos lú, ar lus na gréine, ar shoighe agus ar bhiatas siúcra, ar earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, lena n-áirítear prátaí, agus ar earnáil an fhíona.

(6) Cé go bhfuil an chosúlacht air go dtarlaíonn teagmhais dhíobhálacha aeráide agus tubaistí nádúrtha den chineál céanna ar fud an Aontais i gcomhthéacs foriomlán rioscaí méadaitheacha don talmhaíocht de dheasca an athraithe aeráide, bhí déine na dteagmhas sa Spáinn, sa Chróit, sa Chipir, sa Laitvia agus san Ungáir neamhghnách, agus rinneadh difear do limistéar mór agus do sciar mór den táirgeadh.

[1] IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

(7) Leis an damáiste mór a rinne na teagmhais dhíobhálacha aeráide agus na tubaistí nádúrtha sin do tháirgeoirí talmhaíochta agus an caillteanas ioncaim a bhí ann dá mbarr d'fheirmeoirí sa Spáinn, sa Chróit, sa Chipir, sa Laitvia agus san Ungáir, cuirtear inmharthanacht eacnamaíoch gabháltas talmhaíochta i mbaol.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, beart eisceachtúil a ghlacadh chun rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sonracha tar éis na dteagmhas díobhálach aeráide agus na dtubaistí nádúrtha sin sa Spáinn, sa Chróit, sa Chipir, sa Laitvia agus san Ungáir.

(9) Is fadhb shonrach iad na damáistí suntasacha agus an caillteanas eacnamaíoch a d'fhulaing tháirgeoirí talmhaíochta de dheasca teagmhais dhíobhálacha aeráide agus tubaistí nádúrtha de réir bhrí Airteagal 221 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 nach féidir aghaidh a thabhairt orthu go héasca le bearta a dhéantar de bhun Airteagail 219 nó 220 den Rialachán sin. Níl baint shonrach ag an staid le suaitheadh uathúil sa mhargadh a sainaithníodh nó le bagairt shonrach suaite. Níl baint aici ach oiread le bearta a ndéanfadh leathadh galar ainmhithe a chomhrac ná le laghdú ar mhuinín tomhaltóirí i ngeall ar rioscaí sláinte don phobal, d'ainmhithe nó do phlandaí.

(10) Ba cheart na méideanna a chuirtear ar fáil don Spáinn, don Chróit, don Chipir, don Laitvia agus don Ungáir a chinneadh, agus aird á tabhairt go háirithe ar ualú sonrach na mBallstát sin in earnáil talmhaíochta an Aontais, ar bhonn na nglan-uasteorainneacha d'íocaíochtaí díreacha a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), agus aird á tabhairt freisin ar thionchar na dteagmhas díobhálach aeráide agus na dtubaistí nádúrtha sna Ballstáit sin.

(11) Ba cheart don Spáinn, don Chróit, don Chipir, don Laitvia agus don Ungáir an chabhair a dháileadh trí na bealaí is éifeachtaí ar bhonn critéir oibiachtúla neamh-idirdhealaitheacha, ar critéir iad lena gcuirtear san áireamh méid na ndeacrachtaí agus na ndamáistí eacnamaíocha iarbhír a bhfuil aghaidh á tabhairt ag na feirmeoirí lena mbaineann orthu. Ba cheart dóibh a áirithiú gurb iad na feirmeoirí a thairbheoidh den chabhair ar deireadh agus go seachnófar aon saobhadh ar an margadh ná ar an iomaíocht.

(12) Ós rud é nach dtabharfaí aghaidh ach go páirteach leis na méideanna a leithdháiltear ar an Spáinn, ar an gCróit, ar an gCipir, ar an Laitvia agus ar an Ungáir ar na deacrachtaí eacnamaíocha a bhfuil aghaidh á tabhairt ag feirmeoirí orthu, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit sin tacaíocht náisiúnta bhreise a dheonú d'fheirmeoirí, faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo.

(13) Chun an tsolúbthacht a thabhairt don Spáinn, don Chróit, don Chipir, don Laitvia agus don Ungáir an chabhair a dháileadh de réir mar a éilítear le himthosca na bhfeirmeoirí, ba cheart cead a bheith ann an chabhair sin a charnadh le tacaíocht eile arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, gan na feirmeoirí a róchúiteamh.

(14) Chun an róchúiteamh a sheachaint, ba cheart don Spáinn, don Chróit, don Chipir, don Laitvia agus don Ungáir a chur san áireamh an tacaíocht arna deonú faoi ionstraimí tacaíochta náisiúnta eile nó faoi ionstraimí tacaíochta eile de chuid an Aontais nó faoi scéimeanna príobháideacha chun freagairt do na caillteanais eacnamaíocha a fulaingíodh.

(15) Ós rud é gur ina euro a shocraítear an chabhair ón Aontas, is gá, chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach comhuaineach a áirithiú, dáta a shocrú chun an méid a leithdháilfear ar na Ballstáit nár ghlac an euro mar a n-airgeadra náisiúnta a chomhshó, mar is amhlaidh i gcás na hUngáire. Ós rud é nach ndéantar foráil sa Rialachán seo maidir le sprioc-am chun na hiarratais ar chabhair a chur isteach, is iomchuí, chun críocha Airteagal 30(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún ([3]), dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a mheas mar theagmhas oibríochtúil don ráta malairte maidir leis na méideanna a leagtar amach sa Rialachán seo.

([2]) Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 20, 31.1.2022, lch. 95, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/127/oj).

(16) Chun éifeachtacht an bhirt eisceachtúil sin a áirithiú, ba cheart do thairbhithe an tacaíocht airgeadais éigeandála a fháil go tapa. Ina theannta sin, ba cheart faireachán tráthúil ar an mbuiséad a áirithiú chomh maith le bearta leantacha cothrom le dáta agus úsáid éifeachtúil an chúlchiste talmhaíochta, agus, ar an gcaoi sin, infhaighteacht an chúlchiste a uasmhéadú agus feabhas a chur ar an acmhainneacht freagairt go pras do ghéarchéimeanna a thagann chun cinn. Dá bhrí sin, is iomchuí dáta incháilitheachta a shainiú do na Ballstáit chun an tacaíocht sin a íoc leis na tairbhithe. Aon íocaíocht a dhéanfar tar éis an dáta sin, ba cheart a mheas go mbeadh sí neamh-incháilithe do mhaoiniú ón Aontas.

(17) Dá bhrí sin, níor cheart don Aontas an caiteachas a thabhóidh an Spáinn, an Chróit, an Chipir, an Laitvia agus an Ungáir faoin mbeart eisceachtúil sin a mhaoiniú ach amháin i gcás ina ndéanfar an caiteachas sin faoi dháta incháilitheachta áirithe. Dá bhrí sin, ba cheart an tacaíocht don bheart eisceachtúil sin a íoc faoin 30 Meán Fómhair 2025.

(18) Ó tharla nach measfar aon íocaíocht a dhéanfar tar éis an 30 Meán Fómhair 2025 mar íocaíochtaí incháilithe in imthosca ar bith, ní bheidh feidhm ag Airteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 lena ndéantar foráil maidir le laghdú comhréireach ar na híocaíochtaí míosúla a dhéantar tar éis an sprioc-ama.

(19) Ba cheart don Spáinn, don Chróit, don Chipir, don Laitvia agus don Ungáir faisnéis mhionsonraithe faoi chur chun feidhme an Rialacháin seo a chur in iúl don Choimisiún chun go mbeidh an tAontas in ann faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht an bhirt a thugtar isteach leis an Rialachán seo.

(20) Chun a áirithiú go bhfaighidh feirmeoirí cabhair a luaithe is féidir, ba cheart é a chur ar a gcumas don Spáinn, don Chróit, don Chipir, don Laitvia agus don Ungáir an Rialachán seo a chur chun feidhme gan mhoill. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(21) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Beidh cabhair ón Aontas dar méid iomlán EUR 98 600 000 ar fáil don Spáinn, don Chróit, don Chipir, don Laitvia agus don Ungáir chun tacaíocht eisceachtúil a chur ar fáil d'fheirmeoirí faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo.

2. Maidir le caiteachas an Aontais arna thabhú i gcomhréir leis an Rialachán seo, ní rachaidh sé thar mhéid iomlán:

(a) EUR 68 000 000 i gcás na Spáinne;

(b) EUR 6 700 000 i gcás na Cróite;

(c) EUR 3 500 000 i gcás na Cipire;

(d) EUR 4 200 000 i gcás na Laitvia;

(e) EUR 16 200 000 i gcás na hUngáire.

3. Úsáidfidh an Spáinn, an Chróit, an Chipir, an Laitvia agus an Ungáir na méideanna dá dtagraítear i mír 2 le haghaidh bearta arb é is aidhm dóibh na feirmeoirí is mó a ndearnadh difear dóibh a chúiteamh as an gcaillteanas eacnamaíoch a bhfuil tionchar acu ar inmharthanacht a bhfeirmeacha sna hearnálacha agus sa táirgeacht a raibh tionchar ag teagmhais dhíobhálacha aeráide orthu sna réigiúin atá buailte.

4. Déanfar na bearta dá dtagraítear i mír 3 ar bhonn critéir oibiachtúla neamh-idirdhealaitheacha lena gcuirfear san áireamh na caillteanais eacnamaíocha iarbhír a sheas na feirmeoirí a ndearnadh difear dóibh. Beidh na bearta de chineál nach mbeidh na híocaíochtaí a thiocfaidh astu ina gcúis le haon saobhadh ar an margadh ná ar an iomaíocht.

5. Áiritheoidh an Spáinn, an Chróit, an Chipir, an Laitvia agus an Ungáir, i gcás nach iad na feirmeoirí a thairbheoidh go díreach d'íocaíochtaí na cabhrach ón Aontas, go gcuirfear sochar eacnamaíoch na cabhrach ón Aontas ar aghaidh chucu ina iomláine.

6. Caiteachas a sheasfaidh an Spáinn, an Chróit, an Chipir, an Laitvia agus an Ungáir dá dtagraítear i mír 2 i ndáil leis na híocaíochtaí i leith na mbeart dá dtagraítear i mír 3, ní bheidh sé incháilithe do chabhair ón Aontas ach amháin má dhéantar na híocaíochtaí sin faoin 30 Meán Fómhair 2025.

7. Chun críocha Airteagal 30(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127, is é dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a bheidh mar theagmhas oibríochtúil don ráta malairte a mhéid a bhaineann leis na méideanna a leagtar amach in Airteagal 1(2) den Rialachán seo.

8. Féadfar bearta faoin Rialachán seo a charnadh in éineacht le tacaíocht eile arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe.

9. Féadfaidh an Spáinn, an Chróit, an Chipir, an Laitvia agus an Ungáir tacaíocht náisiúnta bhreise a dheonú le haghaidh na mbeart arna ndéanamh faoi mhír 3 suas le huasmhéid 200 % de na méideanna ar leith a leagtar amach i mír 2, ar bhonn critéir oibiachtúla neamh-idirdhealaitheacha, ar choinníoll nach mbeidh na híocaíochtaí is toradh ar na bearta ina gcúis le haon saobhadh ar an margadh ná ar an iomaíocht, ná le róchúiteamh. Íocfaidh an Spáinn, an Chróit, an Chipir, an Laitvia agus an Ungáir an tacaíocht náisiúnta bhreise faoin 31 Nollaig 2025.

10. Chun an róchúiteamh a sheachaint, agus tacaíocht á deonú faoin Rialachán seo, cuirfidh an Spáinn, an Chróit, an Chipir, an Laitvia agus an Ungáir san áireamh an tacaíocht arna deonú faoi ionstraimí tacaíochta náisiúnta eile nó faoi ionstraimí tacaíochta eile de chuid an Aontais nó faoi scéimeanna príobháideacha chun freagairt do na caillteanais eacnamaíocha lena mbaineann.

Airteagal 2

1. Tabharfaidh an Spáinn, an Chróit, an Chipir, an Laitvia agus an Ungáir fógra don Choimisiún, gan mhoill agus tráth nach déanaí ná an 31 Bealtaine 2025, faoin méid seo a leanas i ndáil leis na bearta dá dtagraítear in Airteagal 1(3):

(a) tuairisc ar na bearta atá le déanamh;

(b) na critéir a úsáideadh chun na modhanna maidir le deonú na cabhrach, méideanna na ndeonuithe sin agus na modhanna a chinneadh agus an réasúnaíocht i dtaca leis an gcabhair a dháileadh ar fheirmeoirí;

(c) an tionchar atá beartaithe leis na bearta d'fhonn feirmeoirí a chúiteamh as caillteanais eacnamaíocha;

(d) na bearta a rinneadh lena fhíorú go mbainfear amach leis na bearta an tionchar atá beartaithe;

(e) na bearta a rinneadh chun an saobhadh ar an iomaíocht agus an róchúiteamh a sheachaint;

(f) an réamhaisnéis maidir le híocaíochtaí chaiteachas an Aontais arna miondealú in aghaidh na míosa go dtí an 30 Meán Fómhair 2025;

(g) leibhéal na tacaíochta náisiúnta breise atá le deonú de bhun Airteagal 1(9);

(h) na bearta atá le déanamh chun incháilitheacht feirmeoirí a rialú agus chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

2. Tráth nach déanaí ná an 31 Márta 2026, tabharfaidh an Spáinn, an Chróit, an Chipir, an Laitvia agus an Ungáir fógra don Choimisiún faoi na méideanna iomlána a íocadh in aghaidh an bhirt, i gcás inarb infheidhme, arna miondealú de réir na cabhrach ón Aontas agus de réir na tacaíochta náisiúnta breise, líon agus cineál na dtairbhithe agus an measúnú ar éifeachtacht an bhirt.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Márta 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN